Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# Eolas faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) a bunaíodh chun sábháilteacht agus cáilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar mhaithe le sláinte agus leas an phobail.

Tuairiscíonn an HIQA don Aire Sláinte, pléann sé leis an Aire Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Comhtháthú agus an Óige agus tá sé freagrach as:

- **Na caighdeáin a leagan síos maidir le na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta** — Caighdeáin agus treoir atá dírithe ar an duine féin a fhorbairt, atá bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, maidir leis na sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.

- **Seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil** — Tá an Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA freagrach as seirbhísí cónaithe a chlárú agus a iniúchadh do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus aonaid chúraim speisialta do leanaí.

- **Seirbhísí sláinte a rialáil** — Rialáil na nochta míochaine don radaíocht ianaíoch.

- **Seirbhísí monatóireachta** — Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na n-ionad buan seirbhíse cóiríochta cosanta idirnáisiúnta, seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta do leanaí i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta. Nuair is gá, déanann HIQA imscrúdú ar ábhair imní thromchúiseacha faoi shláinte agus leas na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta leanaí.

- **Measúnú na teicneolaíochta sláinte** — Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus ar chostéifeachtúlacht na gclár sláinte, na mbeartas, na gcógas, na trealaimh leighis, na dteicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí bolscaireachta agus cosanta sláinte, agus comhairle chun togha na húsáide a bhaint as acmhainní agus na torthaí is fearr a chur ar fáil dóibh siúd a mbaineann úsáid as ár seirbhís sláinte.

- **Faisnéis sláinte** — Comhairle a thabhairt maidir le bailiú agus comhroinnt na faisnéise sláinte, caighdeáin a leagan síos, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú ar sheachadadh agus ar fheidhmíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

- **Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim** — Suirbhéanna náisiúnta ar thaithí úsáideoirí seirbhíse a dhéanamh thar raon seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, leis an Roinn Sláinte agus le FSS.

Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# About the Health Information and Quality Authority (HIQA)

The Health Information and Quality Authority (HIQA) is an independent statutory body established to promote safety and quality in the provision of health and social care services for the benefit of the health and welfare of the public.

Reporting to the Minister for Health and engaging with the Minister for Children, Equality, Disability, Integration and Youth, HIQA has responsibility for the following:

- **Setting standards for health and social care services** — Developing person-centred standards and guidance, based on evidence and international best practice, for health and social care services in Ireland.

- **Regulating social care services** — The Chief Inspector of Social Services within HIQA is responsible for registering and inspecting residential services for older people and people with a disability, and children's special care units.

- **Regulating health services** — Regulating medical exposure to ionising radiation.

- **Monitoring services** — Monitoring the safety and quality of permanent international protection accommodation service centres, health services and children's social services against the national standards. Where necessary, HIQA investigates serious concerns about the health and welfare of people who use health services and children's social services.

- **Health technology assessment** — Evaluating the clinical and cost effectiveness of health programmes, policies, medicines, medical equipment, diagnostic and surgical techniques, health promotion and protection activities, and providing advice to enable the best use of resources and the best outcomes for people who use our health service.

- **Health information** — Advising on the efficient and secure collection and sharing of health information, setting standards, evaluating information resources and publishing information on the delivery and performance of Ireland's health and social care services.

- **National Care Experience Programme** — Carrying out national service-user experience surveys across a range of health and social care services, in conjunction with the Department of Health and the HSE.